

Tar éis deimhniú rollaithe i scríbhinn a fháil ó thuismitheoir/chaomhnóir gach dalta, is cóir do phríomhoide na hiar-bhunscoile an fhoirm Iarratais ar Eolas arna comhlánú a chur ar aghaidh chuig príomhoide na bunscoile a bheidh i gceist.

SONRAÍ MAIDIR LEIS AN IAR-BHUNSCOIL

Scoil	<input type="text"/>	Príomhoide	<input type="text"/>
Seoladh	<input type="text"/>	Uimh. an	<input type="text"/>
	<input type="text"/>	R-phost	<input type="text"/>
	<input type="text"/>	Fón Talún	<input type="text"/>
	<input type="text"/>	Fón Póca	<input type="text"/>

SONRAÍ MAIDIR LEIS AN MBUNSCOIL

Scoil	<input type="text"/>
Seoladh	<input type="text"/>
	<input type="text"/>
	<input type="text"/>

IARRATAS AR EOLAS ÓN IAR-BHUNSCOIL

An miste leat na Pasanna Oideachais i dtaca leis na daltaí atá luaithe thíos a sheoladh chugam. Tá mé ag deimhniú go bhfuarthas deimhniú rollaithe san iar-bhunscoil thuasluaite i scríbhinn ó thuismitheoir(i)/chaomhnóir(i) na ndaltaí roimh an iarratas seo ar eolas a dhéanamh.

Príomhoide

Dáta

NÓTA MÍNITHE DO BHUNSCOILEANNA

Eolas ar dhaltaí a chomhroinnt

Deimhnítear in Imlitir 0056/2011 (Bunscolaíocht) de chuid an ROS go bhfuil an reachtaíocht is gá i bhfeidhm le foráil a dhéanamh do chomhroinnt eolais ar dhul chun cinn nuair a aistríonn daltaí ó scoil amháin go scoil eile. Ceadaítear do scoileanna leis an Acht Oideachais (Leas), 2000 (Alt 28) agus leis na Rialúcháin (Comhlachtaí Forordaithe), 2005 eolas ábhartha a bhaineann le leanbh atá le haistriú idir scoileanna aitheanta a chomhroinnt.

Páistí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu

I gcás páistí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu, moltar go n-aistreodh an bhunscoil Foirm Aistrithe Mac Léinn NEPS go dtí an iar-bhunscoil go pras. I gcás páistí a dteastaíonn tacaíocht ar nós cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht oiriúnaitheach nó iompar scoile uathu, ba chóir spriocdhátaf iarratais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a chur san áireamh.



